Coláiste | Aonad Bainistíochta:	Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar
Scoil | Aonad:	Taighde agus Nuálaíocht UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:	**Oifigeach um Thionchar Taighde**
Tréimhse an Phoist:	Ceapachán sainchuspóra a chlúdaíonn duine ar iasacht (Fad measta 8 mí)
Grád:	Oifigeach Riaracháin I
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Bainistíocht agus Riarachán Taighde agus Nuálaíochta – Leibhéal Gairme 4
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2018/098
Bainisteoir Líne	Bainisteoir Sinsearach – Anailísíocht agus Tionchar Taighde
Uimhir Thagartha an Chomórtais	018429
Riarthóir AD	Jolanca Desouza

Achoimre ar an bPost:

An bhfuil na scileanna cumarsáide agus eagrúcháin agat a theastaíonn chun cabhrú le taighdeoirí UCD scéal maidir le tionchar a gcuid taighde a insint? An mbaineann tú taitneamh as an dúshlán a bhaineann le bheith ag obair thar chúlraí acadúla éagsúla? An féidir leat tionchar a imirt agus an éiríonn leat laistigh de thimpeallacht chasta acadúil? Is féidir le taighdeoirí UCD an domhan a athrú – ar mhaith leat cabhrú leo míniú a thabhairt ar conas a dhéantar é seo?

Is ról spreagúil é seo a chuimseoidh réimse gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le tionchar agus é a leabú ar fud ár ranna acadúla láidre agus ár ngrúpaí taighde. Le cumais chruthaithe maidir le tionchar an taighde acadúil a thuiscint, a fhianú agus a chur in iúl, oibreoidh sealbhóir an phoist go dlúth le taighdeoirí chun tionchar an taighde a bhaint amach agus a léiriú.

D'oirfeadh an post seo do ghairmí uaillmhianach atá ag lorg eagraíocht dhinimiciúil inar féidir leo fás go gairmiúil agus foghlaim ó acmhainní intleachtúla ollmhóra na hOllscoile i gcumarsáid agus i dtionchar taighde. Tacóimid go gníomhach le do spriocanna forbartha agus oiliúna trí chláir oiliúna ar an láthair oibre, cóitseála agus oiliúna ar leith atá curtha in oiriúint le haghaidh do chuid riachtanas.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Straitéis

- Ceannaireacht a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as cás-staidéir tionchair taighde a bhainistiú ar fud na hinstitiúide, ag obair leis an bhfoireann Tionchair Taighde agus Anailísíochta chun an straitéis tionchair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Comhairle a chur ar fáil agus moltaí a dhéanamh maidir le straitéis tionchair ag leibhéal an duine aonair, na scoile, an choláiste agus na hollscoile chun straitéis éifeachtach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tionchar an taighde a uasmhéadú agus cultúr tionchair a leabú san ollscoil.
- Cuidiú le taighdeoirí pleananna tionchair a chur le chéile dá dtaighde.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí reatha agus ar threochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le tionchar ar fud earnáil na n-ollscoileanna, cur leis an dea-chleachtas agus comhairle a thabhairt air.
- Forbairt agus seachadadh torthaí tionchair láithreach, gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a éascú agus a threorú.

Córais agus fianaise

- Próiseas a bhunú agus a bhainistiú chun gníomhaíochtaí tionchair a thaifeadadh, a mhonatóiriú agus a mheas e.g. comórtas Cás-staidéir Tionchair Taighde.
- Tionscnamh agus breithiúnas a úsáid chun anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar shonraí agus ar fhaisnéis mar fhianaise ar thionchar taighde agus ar thábhacht tionchair taighde ar leith.
- Tuarascálacha a ullmhú agus torthaí agus anailísí a chur in iúl do thaighdeoirí agus do dhaoine eile de réir mar is gá.
- Faisnéis atá ábhartha mar fhianaise ar thionchar taighde a chuardach agus a aisghabháil, agus atá leordhóthanach lena húsáid i gcás-staidéir.

Teagmháil le comhpháirtithe seachtracha

- Cás-staidéir tionchair taighde a bharrfheabhsú do phríomhpháirtithe leasmhara amhail gníomhaireachtaí maoinithe, lucht déanta beartas, lucht tionscail agus taighdeoirí in institiúidí eile.
- Treorú maidir le deiseanna a fhiosrú chun tionchar a leathnú trí theagmháil le húsáideoirí taighde agus cás-staidéir láidre tionchair a fhorbairt.
- Cur chun cinn a dhéanamh ar an tionchar i measc phobal na hollscoile trí idirchaidreamh agus comhpháirtíocht a dhéanamh le ranna inmheánacha eile agus le heagraíochtaí agus grúpaí seachtracha.
- Oibriú le coistí taighde coláiste, stiúrthóirí an taighde i scoileanna agus in institiúidí chun imeachtaí agus deiseanna a fhorbairt chun teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe seachtracha.

Tacaíocht acadúil

- Tacaíocht agus treoir shaineolach a chur ar fáil maidir le cás-staidéir tionchair taighde a ghabháil agus a bharrfheabhsú.
- A bheith chun tosaigh maidir le tionscadail agus gníomhaíochtaí a shainiú agus a shlógadh trí oibriú le hacadóirí chun raon leathan aschur agus tionchair a thabhairt le chéile i dtionscadal tionchair comhleanúnach chun cabhrú le cás-staidéir tionchair éifeachtacha a ghiniúint.
- Bheith freagrach as dea-chleachtas a lorg, a anailísiú agus a roinnt chun cabhrú le tuiscint a leabú ar thionchar agus ar na bealaí féideartha chun tionchar a sheachadadh ó ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na hOllscoile.
- Tacaíocht a chur ar fáil do thaighdeoirí trí ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha foirne, amhail nótaí treorach a fhorbairt, acmhainní gréasánbhunaithe agus/nó ceardlanna a chur ar fáil maidir le tionchar a shainaithint, a chur in iúl agus a sheachadadh – foinse lárnach comhairle fianaisebhunaithe a chur ar fáil.
- Treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do bhaill aonair den fhoireann acadúil agus do thaighdeoirí maidir le torthaí a gcuid taighde a scaipeadh ar lucht féachana chomh leathan agus is féidir.
- Tabhairt faoi aon tionscadail eile a thacaíonn le gníomhaíocht taighde de réir mar a éilíonn Stiúrthóir an Taighde nó an Bainisteoir Sinsearach, Anailísíocht Taighde agus Tionchar

95 Oifigeach Riaracháin I_2010 (0172_X) Scála Tuarastail: €52,292 - €70,784 in aghaidh na bliana
Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag
https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag
https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Critéir Roghnúcháin
Tá Creat Teaghlaigh Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den **Teaghlach Poist um Bainistíocht Taighde agus Nuálaíochta agus Riaracháin agus ailíníonn sé le Leibhéal Gairme 4.** Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na príomhinniúlachtaí leagtha amach sa Chreat Teaghlaigh Poist ar fáil ag:
https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- Taithí shuntasach ar obair laistigh d'Institiúid Ardoideachais nó timpeallacht eagraíochtúil chomhchosúil a bhfuil cuntas teiste aici maidir le tacú le taighde acadúil agus tionchar a léiriú.
- Cáilíocht ag leibhéal céime
- Scileanna uimhearthachta agus TF, go háirithe eolas ar Microsoft Office.
- Caithfidh iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

Príomhinniúlachtaí

- **Cumarsáid Éifeachtach:** Ardchumas dul i mbun cumarsáide scríofa agus labhartha atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, in ann eolas agus smaointe a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a mheas. Cumas réimse cur chuige nuálach a úsáid chun faisnéis a ghabháil agus a chur i láthair. Taithí ar chomhthaobhacht ghairmiúil atá dírithe go seachtrach a fhorbairt.
- **Pleanáil agus Eagrúchán:** Cumas i bpleanáil agus in eagrú éifeachtach a c(h)uid oibre féin, i leagan síos tosaíochtaí soiléire agus ag cinntiú go ndéantar spriocdhátaí a chomhlíonadh, in eagrú gníomhaíochtaí agus i scaradh agus i gcur le chéile tascanna chun aschuir a sholáthar de réir fráma ama soiléir d'fhonn cuspóirí an Aonaid a bhaint amach.
- **Athrú a Bhainistiú:** Cumas cur chuige dearfach a ghlacadh maidir le dul i ngleic leis an obair agus le hathruithe a thagann chun cinn a ghlacadh agus fáilte a chur roimh aiseolas maidir le feidhmíocht agus déileáil leis ar bhealach cuiditheach.
- **Caidrimh a Chothú:** An cumas caidrimh oibre éifeachtacha a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach. Sárscileanna tionchair, idirchaidrimh agus líonraithe, lena n-áirítear an cumas tionchar a imirt ar phríomhchinnteoirí agus iad a chur ina luí go hinmheánach agus go seachtrach.
- **Bainistíocht Tionscadail:** Cumas a chinntiú go sainítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna insoláthartha, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina leith.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Timpeallacht Taighde:** Tuiscint agus tionchar ar an timpeallacht taighde inmheánach agus sheachtrach ar scála náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áirítear leis sin: ról na n-ollscoileanna i dtaighde, beartas ábhartha, foinsí maoinithe, struchtúir eagrúcháin inmheánacha, bibliméadracht, agus treochtaí eacnamaíocha/teicneolaíochta.
- **Beartas agus Rialachas:** Taithí ar chur i bhfeidhm beartais agus straitéise a fhorbairt agus a threorú i dtimpeallacht chasta atá ag athrú.
- **Scileanna Taighde agus nuálaíochta spriocdhírithe:**
    - Taithí ar ardcháilíocht, cás-staidéir agus/nó tuarascálacha mionsonraithe a scríobh do réimse lucht féachana agus éisteachta
    - Sárscileanna anailíseacha lena n-áirítear an cumas faisnéis chasta éifeachtach a bhainistiú, agus réitigh ar fhadhbanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go rathúil
    - Cumas faisnéis íogair a láimhseáil faoi rún.
    - A bheith i d'imreoir foirne a bhfuil ar a c(h)umas oibriú go solúbtha agus go cruthaitheach chun cuspóirí a bhaint amach i dtimpeallacht dhinimiciúil atá ag athrú, agus a bheith in ann oibriú go héifeachtach go neamhspleách agus as a stuaim féin ag an am céanna.

© Acmhainní Daonna UCD

Inmhianaithe:

- Cumais chruthaithe maidir le tionchar an taighde acadúil thar réimse disciplíní a thuiscint, a fhianú agus a chur in iúl.
- Tuiscint ar ardáin mhargaíochta digití agus anailísíocht gréasáin.
- Scileanna bainistíochta tionscadail.
- Taithí de bheith ag obair i dtimpeallacht Ollscoile.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD go dtí 2030 – Teorainneacha a Shárú	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/researchandinnovation/
An Scoil/Oifig an Chláir/an Aonaid:	https://www.ucd.ie/research/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Liam Cleere
Teideal:	Bainisteoir Sinsearach, Anailísíocht Taighde agus Tionchar
Seoladh ríomhphoist:	liam.cleere@ucd.ie

© Acmhainní Daonna UCD